



FORÁLACHA MAIDIR LE TRÁCHT AGUS SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

Tá sprioc dó féin leagtha síos ag an Aontas, is é sin limistéar Eorpach sábháilteachta ar bhóithre a chruthú sna deich mbliana ó 2010 go 2020. Is ar bhonn náisiúnta go príomha atá inniúlacht sa réimse sin. Dá bhrí sin, tá a bhearta á ndíriú ag AE ar riocht feithiclí, ar iompar earraí contúirteacha agus ar shábháilteacht na ngréasán bóithre.

AN BUNÚS DLÍ AGUS CUSPÓIRÍ

Is é Teideal VI de Chonradh Liospóin, agus go háirithe Airteagal 91 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), an bunús dlí chun an limistéar sábháilteachta ar bhóithre sin a chruthú, a bhfuil sé d'aidhm aige an tsábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú agus cur le soghluaisteacht inbhuanaithe. In 2010, rinne an tAontas Eorpach athnuachan ar a thiomantas chun feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre trí sprioc a leagan síos go ndéanfaí, faoi 2050, líon na mbásanna ar bhóithre a laghdú faoi 50 %, i gcomparáid leis na leibhéil a bhí ann in 2010. Bhí laghdú bliantúil 6.7 % de dhíth le linn thréimhse 2010-2020 chun sprioc AE 2020 a bhaint amach. Ó 2010 i leith, áfach, tá laghdú 19 % tagtha ar líon na mbásanna bóthair sna 28 mBallstát, rud nach ionann ach 3.4 % ar an meán. Mar thoradh ar an mainneachtain sin líon na mbásanna a laghdú ar an luas ba ghá, tá gá le laghduithe bliantúla de 11.4 % idir 2017 agus 2020 má tá an tAontas le leanúint ar a láimh. De réir [thuarascáil 2018](#) ó Chomhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa (ETSC), bhí 25 249 bás ar bhóithre AE in 2017 (477 duine níos lú ná an líon in 2016, arb ionann é agus laghdú de 2 % amháin).

A BHFUIL BAINTE AMACH

A. Ginearálta

I mí an Mheithimh 2003, d'fhoilsigh an Coimisiún an tríú Clár Gníomhaíochta Eorpach um Shábháilteacht ar Bhóithre 2003-2010, agus é mar aidhm leis sin líon na mbásanna ar bhóithre sna Ballstáit a laghdú faoina leath faoi dheireadh 2010. Cé nár éirigh leis an sprioc sin a bhaint amach faoin spriocdháta a leagadh síos, d'éirigh leis an gclár laghdú a dhéanamh ar líon na n-íospartach timpistí bóthair, mar a míníodh sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 20 Iúil 2010 dar teideal '[Towards a European road safety area: policy orientations on road safety 2011-2020](#)' [I dtreo limistéar Eorpach sábháilteachta ar bhóithre: treoshuíomhanna beartas maidir le sábháilteacht ar bhóithre 2011-2020] ([COM\(2010\) 389](#)).



I bPáipéar Bán ón gCoimisiún in 2011, dar teideal ‘Roadmap to a Single European Transport Area – Towards a competitive and resource efficient transport system’ [Treochlár um Limistéar Iompair Eorpach Aonair – I dtreo córas iompair atá iomaíoch agus tíosach ar acmhainní] ([COM\(2011\)0144](#)), a foilsíodh an 28 Márta 2011, rinne an Coimisiún an spriocdháta chun líon na mbásanna ar na bóithre a laghdú faoina leath a thabhairt chun cinn go dtí 2020. Leag sé síos freisin go mbeadh an bhliain 2050 an dáta faoina mbeifí ag teannadh níos gaire le gnóthú na sprice deiridh líon na mbásanna ar na bóithre a laghdú go nialas. Ina threoshuíomhanna beartais, leag an Coimisiún amach seacht gcuspóir lena raibh sé beartaithe bearta náisiúnta agus bearta an Aontais a ghlacadh i gcomhréir le prionsabail na freagrachta comhroinnte agus na coimhdeachta. Áirítear ar na cuspóirí sin: feabhas a chur ar an oideachas agus ar an oiliúint d’úsáideoirí bóithre agus dlús a chur le forfheidhmiú rialacha bóthair; sábháilteacht bonneagar bóithre agus sábháilteacht feithiclí a fheabhsú; úsáid córas iompair chliste (CCI) a chur chun cinn, trí eCall, mar shampla, córas glao éigeandála infheithicle uile-Eorpach; feabhas a chur ar sheirbhísí éigeandála agus ar sheirbhísí iardhíobhála;- agus úsáideoirí soghonta bóthair ar nós coisithe agus rothaithe a chosaint.

B. Ríocht teicniúil feithiclí

In 2014, ghlac an tAontas Eorpach pacáiste nua beart reachtach, dá ngairtear an ‘Pacáiste Ródacmhainneachta’. Tá an pacáiste ródacmhainneachta comhdhéanta de thrí Treoir, is iad sin [Treoir 2014/45/AE](#) maidir le tástálacha ródacmhainneachta tréimhsiúla, [Treoir 2014/47/AE](#) maidir le cigireachtaí teicniúla cois bóthair ar fheithiclí tráchtála agus [Treoir 2014/46/AE](#) maidir le doiciméid chlárúcháin feithiclí.

Maidir le húsáid éigeantach criosanna sábhála i bhfeithiclí faoi bhun 3.5 tona, sonraítear i [dTreoir 2003/20/CE](#) an 8 Aibreán 2003 gurb éigeantach srianta leanaí agus criosanna sábhála a úsáid do gach duine a bhíonn ina shuí sna busanna agus sna cóistí sin ina bhfuil siad feistithe (agus díolúintí ann do sheirbhísí áitiúla iompair i limistéir uirbeacha).

Le [Treoir 92/6/CEE](#) an 10 Feabhra 1992, bunaíodh suiteáil éigeantach teorantóirí luais i mótarfheithiclí atá níos mó ná 3.5 tona. Le [Treoir 2002/85/CE](#) an 5 Samhain 2002, leathnaíodh an ceanglas teorantóirí luais a úsáid chun gach feithicil earraí agus feithicil paisinéirí idir 3.5 agus 12 tona meáchan ina bhfuil níos mó ná ocht suíochán (gan an tiománaí san áireamh) a chumhdach.

Maidir le córais sábháilteachta ghníomhacha, [Rialachán \(CE\) Uimh. 78/2009](#) an 14 Eanáir 2009 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i ndáil le cosaint coisithe agus úsáideoirí soghonta eile bóithre, leagadh síos ceanglais áirithe maidir le tógáil agus feidhmiú córas cosanta tosaigh i gcás tul-imbhualadh le feithicil eile. Foráladh ann don fhéidearthacht nach mbeadh teicneolaíocht lena bhféadfaí imbhuailtí le rothaithe agus coisithe a sheachaint faoi réir na gceanglas sin. Leagadh síos ann freisin gur cheart córais cúnaimh coscáin (BAS) atá cineálcheadaithe a fheistiú.

Ar deireadh, feabhsaíodh sábháilteacht úsáideoirí bóithre tríd an ‘caochspota’ a laghdú. Le [Treoir 2003/97/CE](#) an 10 Samhain 2003, sonraíodh gur cheart scátháin chúlfhéachana ‘caochspota’ bhreise (leathanuilleacha, garthomhais agus tulamhairc) a bheith i bhfeithiclí earraí troma a thiomáintear in AE. Le [Treoir 2007/38/CE](#) an 11 Iúil 2007, leagadh síos go raibh flíteanna leoraithe a bhí ann cheana le bheith



feistithe leis na feistí sin freisin. Le [Rialachán \(CE\) Uimh. 661/2009](#) an 13 Iúil 2009 lenar aisghaireadh [Treoir 2003/97/CE](#), agus a tháinig i bhfeidhm an 1 Samhain 2014, rinneadh éigeantach é scátháin chúlfhéachana den chineál céanna a bheith i bhfeithiclí arna gclárú lasmuigh de AE. In 2011, choimisiúnaigh an Coimisiún staidéar ar thionóiscí a tharla de bharr caochspotaí agus i mí an Mheithimh 2012 chuir sé tuarascáil i láthair maidir le cur chun feidhme [Threoir 2007/38/CE](#), inar cuireadh i dtreis go háirithe go raibh tionóiscí a bhaineann le feithiclí earraí troma ina gcúis le breis agus 1 200 bás in aghaidh na bliana agus dá bhrí sin gur ghá leanúint de na hiarrachtaí ar thionóiscí den chineál sin a chosc.

C. Iompar earraí contúirteacha

Le [Treoir 94/55/CE](#) an 21 Samhain 1994, rinneadh na rialacha a leagtar síos sa Chomhaontú Eorpach maidir le hIompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha de Bhóthar (ADR) a leathnú chuig réimse an iompair intíre. Aisghaireadh í le [Treoir 2008/68/CE](#) an 24 Meán Fómhair 2008, lenar cuireadh córas coiteann ar bun trína gcumhdaítear gach gné d'iompar intíre earraí contúirteacha in AE, d'iarnród agus d'uiscebhealaí intíre agus de bhóthar. Le [Treoir 2012/45/AE](#) ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2012, cuireadh é sin i gcomhréir leis an leagan is déanaí de Chomhaontú ADR, a thugtar cothrom le dáta gach dhá bhliain. Rinneadh leasú ar ADR le déanaí le [Cinneadh \(AE\) 2018/1485](#) ón gComhairle.

D. Córais chliste iompair (CCI) agus tionscnamh eSafety

An 16 Nollaig 2008, sheol an Coimisiún Plean Gníomhaíochta maidir le CCI a imlonnú i réimse an iompair de bhóthar. Bunaíodh an Plean Gníomhaíochta sin ar shraith tionscnamh (mar shampla, an tionscnamh eSafety a seoladh in 2006) agus ar ghníomhaíochtaí tosaíochta bunaithe. Ar an gcaoi chéanna, tá sé mar aidhm le [Treoir 2010/40/AE](#) an 7 Iúil 2010 maidir le CCI i réimse an iompair de bhóthar imlonnú comhordaithe agus comhsheasmhach seirbhísí idir-inoibritheacha san Aontas Eorpach a áirithiú. I measc CCI, áirítear, mar shampla, coigeartóirí luais uathoibríocha, feistí chun imeacht neamhdheonach ó lána a chosc, feistí rabhaidh imbhuailte agus córais ghlaio éigeandála uathoibríocha i gcás tionóisce. Is éard atá i bhFóram eSafety, a chruthaigh an Coimisiún in 2003 agus ar a dtugtar iMobility ó 2011 i leith, ardán comhpháirteach do gach geallsealbhóir i réimse na sábháilteachta ar bhóithre chun urraim a spreagadh do na moltaí maidir le eSafety agus chun faireachán a dhéanamh ar an urraim sin, agus chun tacú le himlonnú agus úsáid córas sábháilteachta gluaisteán.

I ndiaidh [Chinneadh Uimh. 585/2014/AE](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le himlonnú na seirbhíse idir-inoibrithe 'eCall' ar fud AE, bhí sé d'oibleagáid ar na Ballstáit bonneagar na bPointí Freagartha Glaonna Éigeandála (PSAP), atá riachtanach chun eCalls a láimhseáil, a bhunú faoin 1 Deireadh Fómhair 2017 ar a dhéanaí.

I mí na Samhna 2016, d'fhoilsigh an Coimisiún Teachtaireacht dar teideal 'A European strategy on Cooperative Intelligent Transport Systems, a milestone towards cooperative, connected and automated mobility' [Straitéis Eorpach maidir le córais chliste chomhoibríocha iompair, céim mhór chun tosaigh i dtreo na soghluaisteachta comhoibríche nasctha uathoibríthe] ([COM/2016/0766](#)). Mar fhreagairt air sin, rinne an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) i bParlaimint na hEorpa [tuarascáil](#)



[féintionscnaimh](#) ar an ábhar a ghabháil de láimh, a glacadh i suí iomlánach an 13 Márta 2018. I mí Márta 2019, thíolaic an Coimisiún rialachán tarmlichte lena forlíonadh Treoir 2010/40/AE ([C\(2019\)1789](#)). Mí ina dhiaidh sin, ghlac an Pharlaimint tairiscint i gcomhair rúin lena ndearnadh an rialachán a agóid. Tá an próiseas cinnteoireachta ag dul ar aghaidh faoi láthair ([2019/2651\(DEA\)](#)).

E. Sábháilteacht bonneagair bóithre

Le [Treoir 2004/54/CE](#) an 29 Aibreán 2004 leagadh síos ceanglais íosta sábháilteachta le haghaidh tollán sa ghréasán bóithre tras-Eorpach. Sonraítear sa treoir gur cheart do gach tollán is faide ná 500méadar, cibé acu i seirbhís, á thógail nó ag céim an deartha atá sé, a bheith faoi réir rialacha sábháilteachta comhchuibhithe. Cumhdaítear leis na rialacha sin na gnéithe eagrúcháin, struchtúracha, teicniúla agus oibríochtúla a bhaineann le hoibriú na dtollán sin, ag féachaint do na cineálacha tionóiscí is minice a tharlaíonn, amhail dóiteán. Is é is aidhm do [Threoir 2008/96/CE](#) an 19 Samhain 2008 maidir le bainistiú sábháilteachta ar bhonneagar bóithre ná a áirithiú go gcuirfear sábháilteacht ar bhóithre san áireamh, trí mheasúnuithe tionchair, ag gach céim de bhóithre a thógáil, a oibriú, nó a athrú go substaintiúil. Chuige sin, tá iniúchtaí córasacha sábháilteachta le haghaidh tionscadail bhonneagair bóithair bunaithe leis an treoir. Leagtar síos inti freisin forálacha maidir le cigireachtaí sábháilteachta ar bhóithre i seirbhís agus maidir le sainaitheint codanna de bhóithre ina dtarlaíonn líon ard tionóiscí. In 2018, thíolaic an Coimisiún a thogra ([COM \(2018\)0274](#)) chun an treoir a leasú d'fhonn líon na mbásanna agus na ngortuithe tromchúiseacha ar ghréasáin bhóithre AE a laghdú trí fheidhmíocht sábháilteachta an bhonneagair bóithair a fheabhsú. Ghlac an Pharlaimint a seasamh ar an gcéad léamh i mí Aibreáin 2019 agus tá an próiseas comhchinnteoireachta ag dul ar aghaidh faoi láthair ([2018/0129\(COD\)](#)).

F. Staidreamh maidir le tionóiscí a tharlaíonn mar gheall ar thiomáint faoi thionchar an óil agus a gcosc

I bhfianaise [Cinneadh 93/704/CE ón gComhairle](#), cruthaíodh CARE, an bunachar sonraí maidir le tionóiscí bóithair a raibh bás nó gortú mar thoradh orthu, chun sonraí a thiomnú bunaithe ar staidreamh náisiúnta agus iad a scaipeadh tríd an bhFaireachlann Eorpach um Shábháilteacht ar Bhóithre (ERSO). Mar chuid de bheartas AE maidir le hiompraíocht tiomána a fheabhsú, sonraíonn an Coimisiún nach mór do na Ballstáit tástáil randamach anála a ghlacadh agus leag sé síos uasleibhéil cheadaithe le haghaidh tiúchan alcóil san fhuil. Daoine a bhfuil amhras fúthu go bhfuil siad ag tiomáint faoi thionchar an alcóil, déantar tástálacha randamacha anála ([Moltaí 2001/115 ón gCoimisiún](#) an 17 Eanáir agus [Treoir 2004/345/CE ón gCoimisiún](#) an 17 Aibreán 2004) orthu. D'fhonn sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú, tá cód comhchuibhithe bunaithe ag an gCoimisiún lena rialaítear córais chomhghlasála i gcás meisce, agus tá an cód sin glactha ag roinnt Ballstát (féach [Treoir \(AE\) 2015/653](#) an 24 Aibreán 2015 lena leasaítear [Treoir 2006/126/CE](#) maidir le ceadúnais tiomána).

G. Forfheidhmiú trasteorann i dtaca le cionta tráchta bóithair

Rinneadh [Treoir \(AE\) 2015/413](#) an 11 Márta 2015 lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise maidir le cionta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre a ghlacadh ar bhonn Airteagal 91(1)(c) CFAE (Teideal VI, Iompar). Gabhann an Treoir seo ionad [Threoir 2011/82/AE](#) (a ndearna Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh



í a chur ar neamhní ina breithiúnas an 6 Bealtaine 2014). Is é an aidhm chéanna atá ann i gcónaí: go gcuirfí deireadh leis an gceart chun anaithnideachta a bheith ag tiománaithe neamhchónaitheacha agus go bhféadfaí ionchúiseamh a thionscnamh i leith cionta arna ndéanamh i mBallstát seachas an Ballstát ina bhfuil an fheithicil cláraithe. Féadfaidh na Ballstáit rochtain a fháil ar shonraí náisiúnta clárúcháin feithicle a chéile trí úsáid a bhaint as nós imeachta malartaithe faisnéise idir na pointí teagmhála náisiúnta. Sa chleachtas, is faoin mBallstát ina ndearnadh an cion a bheadh sé cinneadh a dhéanamh i dtaobh dul ar aghaidh le hionchúiseamh. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí an ciontóir atá faoi dhrochamhras a chur ar an eolas trí bhíthin litir chaighdeánach ina mbeadh mionsonraí faoin gcion, faoi mhéid na fíneála a bheadh le híoc, faoi roghanna íocaíochta agus faoi na nósanna imeachta achomhairc. Cé go gcosnaítear sonraí pearsanta, áiríthítear leis an Treoir go ndéantar tiománaithe neamhchónaitheacha a phionósú go comhsheasmhach as cionta tromchúiseacha a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá an iliomad rún glactha ag an bParlaimint lena gcuirtear béim ar an tábhacht a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre. Nuair a d'fhormhuinigh sí tríú clár gníomhaíochta an Choimisiúin (2003-2010) in 2005, bhí sí ag éileamh cheana go bhforbrófaí plean fadtéarmach chun an tréimhse tar éis 2010 a chumhdach, ina leagfaí amach bearta a bheadh ceaptha gach bás ar bhóithre a chosc ('Fís Nialais') ([P6_TA\(2005\)0366](#)). Sa rún uaithe maidir le sábháilteacht ar bhóithre na hEorpa 2011-2020 ([P7_TA\(2011\)0408](#)), d'iarr an Pharlaimint uair amháin eile ar an gCoimisiún cuspóir fadtéarmach a dhéanamh de gach bás ar bhóithre a chosc, ach rinne sí é sin a nascadh le húsáid chórasach na teicneolaíochta i bhfeithiclí bóthair agus le forbairt líonraí ardchaighdeáin CCI. Ina theannta sin, sa rún uaithe maidir le todhchaí inbhuanaithe d'iompar ([P7_TA\(2010\)0260](#)), d'iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún staidéar a chur i láthair ar dhea-chleachtais sna Ballstáit maidir le tionchar na dteorantóirí luais, agus chuir sí a himní in iúl maidir le sábháilteacht na n-oibríthe in earnáil an iompair. Mhol an Pharlaimint freisin sainmhíniú aonfhoirmeach a bheith ar théarmaí a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre chun taighde ar thionóiscí a fheabhsú trína áirithiú go bhfuil torthaí inchomparáide. Is ionann doiciméad oibre an Choimisiúin maidir le gortuithe i dtionóiscí bóthair, a foilsíodh an 19 Márta 2013, agus freagra páirteach ar an nglao ón bParlaimint go ndéanfaí raon feidhme na straitéise maidir le tionóiscí bóthair a leathnú. Leagtar amach ann an cuspóir laghdú a dhéanamh, ar leibhéal AE, ar líon iomlán na ndaoine a ghortaítear go dona (2015-2020), agus luaitear ann go bhfuil córas chun gortuithe tromchúiseacha a shainmhíniú i bhfeidhm ar fud AE ó bhí 2012 ann. Rinne an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht, i dteannta leis an gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, tuarascáil féintionscnaimh a chur ar aghaidh dar teideal 'Saving Lives: Boosting Car Safety in the EU' [Beatha a shábháil: Sábháilteacht i gcarranna a chur chun cinn san Aontas Eorpach], a ndearna an Pharlaimint í a ghlacadh mar rún ina dhiaidh sin an 14 Samhain 2017. Bhí sí bunaithe ar an tuarascáil ón gCoimisiún ([COM\(2016\)0787](#)).

An 11 Márta 2014, ghlac an Pharlaimint seasamh ar an gcéad léamh maidir leis na híoschaighdeáin choiteanna i gcomhair tástálacha ródacmhainneachta tréimhsiúla ar



fheithiclí, ar dhoiciméid chlárúcháin feithiclí agus ar iniúchtaí cois bóthair ar fheithiclí tráchtála. Leis an téacs críochnaitheach ([Treoir 2014/45/AE](#)) cabhraíodh chun feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre agus ar aitheantas trasteorann do dheimhnithe ródacmhainneachta bailí.- An 27 Feabhra 2017, cheistigh Coiste TRAN an Coimisiún maidir le ródacmhainneacht mótarfheithiclí, agus an 20 Meitheamh 2017 phléigh sé an tuarascáil ón gCoimisiún ([COM\(2017\)0099](#)) maidir le cur i bhfeidhm [Threoir 2000/30/CE](#) maidir le hiniúchadh teicniúil cois bóthair ar ródacmhainneacht feithiclí tráchtála atá i gcúrsaíocht sa Chomhphobal (tréimhse tuairiscithe 2013-2014). Sa phlé i gCoiste TRAN, díríodh ar chalaíochtaí tacagraf agus ar ionramháil léamha an odaiméadair, mar go bhfuil riosca ollmhór ag baint leo siúd do shábháilteacht agus do chearta tomhaltóirí. Thug an Coimisiún le fios go raibh measúnú á dhéanamh aige ar na roghanna do chlárú odaiméadair, don dlí coiriúil agus do mhalartú trasteorann faisnéise. Idir an dá linn, an 31 Bealtaine 2018, ghlac an Pharlaimint tuarascáil tionscnaimh reachtach dar teideal '[Odometer manipulation in motor vehicles: revision of the EU legal framework](#)' [Ionramháil ar odaiméadar i mótarfheithiclí: athbhreithniú ar chreat dlíthiúil AE]. Rinne an roinn beartais ábhartha den Pharlaimint staidéar a choimisiúnú ar an ábhar céanna freisin, dar teideal '[Odometer Tampering: measures to prevent manipulation](#)' [Crioscaíl Odaiméadair: bearta chun ionramháil a chosc], a foilsíodh i mí na Samhna 2017. Mar chuid dá chlár oibre reachtach 'An Eoraip ag Gluaiseacht', tá an Coimisiún ag iarraidh [Rialachán \(AE\) Uimh. 165/2014](#) a leasú trí bhíthin an togra a foilsíodh an 31 Bealtaine 2017 dar teideal 'Togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear [Rialachán \(CE\) Uimh. 561/2006](#) a mhéid a bhaineann le híoscheanglais maidir le huastréimhsí tiomána laethúla agus seachtainiúla, íos-sosanna agus tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla agus [Rialachán \(AE\) Uimh. 165/2014](#) a mhéid a bhaineann le suíomh trí bhíthin tacagraif' ([COM\(2017\)0277](#)). Ghlac an Pharlaimint a seasamh ar an gcéad léamh i mí Aibreáin 2019 agus tá an próiseas comhchinnteoireachta ag dul ar aghaidh faoi láthair ([2017/0122\(COD\)](#)).

Esteban Coito
04/2019

